# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

**Instagram: @pleanteangachoisfharraige**
**Twitter: @PleanTeangaCF**
**Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige**

08 Deireadh Fomhair 2020

### EOLAITHE ÓGA COLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Comhghairdeachas le Finnian Cox, Yann Ó Máille Breathnach agus Stephen Ó Gríofa - daltaí i gColáiste Chroí Mhuire a bhuaigh duais Newstalk 'Cumarsáidí is Fearr' sa gcraobh réigiúnach *SciFest* le deireanaí. D'éirigh leis na heolaithe óga seo an duais a bhuachan thar 430 tionscnamh eile sa gcomórtas, lena n-iontráil **'Feamainn mar fhoinse bithphlaisteach inmhillte**.' Tá an Dr. Uí Chéidigh, an múinteoir eolaíochta atá acu, pobal na scoile agus muintir Chois Fharraige thar a bheith bródúil as na leaids: maith sibh!



### NEAM, NEAM!

Comhghairdeachas leis an **mBuilín Blasta**, atá lonnaithe i gceardlann an Spidéil, ar bronnadh duais airgid agus duais Rogha na Gaeltachta i gcomórtas Blas na hÉireann '20 orthu. Don mhaonáis deataithe oniúin a bhuaigh siad na duaiseanna.

### SCÉALTA LE MÁIRTÍN Ó CADHAIN

Leathchéad bliain ó shin, ar an 18 Deireadh Fómhair 1970 a bhásaigh **Máirtín Ó Cadhain** fathach litríocht na Gaeilge. Beartaíodh roinnt imeachtaí leis an dáta a chomóradh ach níorbh fhéidir iad a reáchtáil. Mar sin féin tiocfaidh buíon léitheoirí le chéile ar chóras Zúm chuile re Domhnach ag 7.30 i.n ón 18 Deireadh Fómhair ar aghaidh le roinnt gearrscéalta dá chuid a léamh agus a chíoradh. Más maith leatsa a bheith ag léamh nó má bhí rún agat tabhairt faoi shaothar Uí Chadhain uair éicint: tapaigh an deis seo! Beidh léitheoir i mbun chuile sheisiún a threoróidh na léitheoirí eile trí scéal a fhógrófar roimh ré agus beidh deis ag chuile dhuine a bheith gníomhach sa bplé ar scéalta as an leabhar **Máirtín Ó Cadhain: Rogha Scéalta.** Ní mór clárú roimh ré agus níl le déanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com le d'ainm a chlárú.

### CEILIÚRADH OIREACHTAIS FÍORÚIL

Beidh Tuismitheoirí na Gaeltachta ag glacadh le hiarratais ó pháistí agus ó dhaoine óga Gaeltachta do Cheiliúradh an Oireachtais go dtí an Aoine 9 Deireadh Fómhair. Tá sraith físeán á chur le chéile ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus TG4 a chraolfar ar na teilifís agus ar na meáin shóisialta i rith aimsir an Oireachtais. Iarrtar na físeáin ghairide 30 soicind a sheoladh ar WhatsApp chuig 0872461685 le hainm, aois, seoladh an pháiste agus sonraí teagmhála an tuismitheora.

### BUAITEOIRÍ CHOIS FHARRAIGE!

Bhí dhá teach foilsitheoireachta as Cois Fharraige i measc mórbhuaiteoirí Ghradaim Foilsitheoireachta 2020 a fógraíodh ar an Mháirt. Comhghairdeachas le **Futa Fata** ar bronnadh **Gradam Réics Carló** orthu don saothar **An Féileacán agus an Rí** le **Máire Zepf** agus a mhaisigh **Shona Shirley Macdonald.** Bronnadh **Gradam de Bhaldraithe** ar **Leabhar Breac** don saothar **Ar Luch agus ar Dhuine** aistriúchán cumasach a rinne **Colmcille Ó Monacháin** ar an saothar cáiliúil le John Steinbeck, *Of Mice and Men*. Is athinseacht ar scéal Éadaoin agus Mír, ceann de scéalta mhiotaseolaíochta na Gaeilge é **An Féileacán agus an Rí** agus tráthúil go leor tá **Éadaoin** leagan den scéal céanna ó pheann Dhiarmuid Johnson díreach foilsithe ag **Leabhar Breac**.



### €20,000 DO CHOIS FHARRAIGE

Bronnadh breis is €20,000 ar dhá eagraíocht as Cois Fharraige an tseachtain seo. Geobhaidh Cumann Lúthchleas Gael an Spidéil €17,124 le caitheamh ar threalamh don pháirc peile. Tabharfar €3,000 do Chumann Forbartha Chois Fharraige le tacú le foilsiú an irisleabhair *Biseach*. Airí na Gaeltachta, Catherine Martin agus Jack Chambers a d'fhógair an scéal.

## CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Bhí tús le cur leis an séasúr nua scannán i Seanscoil Sailearna ar an 8 Deireadh Fómhair, ach mar gheall ar na srianta Covid-19 nua atá tagtha i bhfeidhm, cuireadh tús an tséasúir ar athló. Tá rogha ag daoine a bhfuil ballraíocht íoctha acu aisíoc a fháil nó an bhallraíocht a choinneáil go dtí go mbeidh na scannáin á dtaispeáint ach a maolófar ar na srianta amach anseo.

## OIFIG NUA AG COMHLACHT FORBARTHA AN SPIDÉIL

Tá seilbh faighte ag Comhlacht Forbartha an Spidéil, eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal agus do chuairteoirí sa Spidéal, ar an oifig nua atá tógtha ag Údarás na Gaeltachta don eagraíocht. Tá an láthair nualonnaithe sa bhfoirgneamh taobh thoir ó thuaidh den áit ina bhfuil Cló Iar-Chonnacht suite. Chomh maith le hoifigí an chomhlachta tá seomra breá sa bhfoirgneamh a bheas ar fáil le haghaidh cruinnithe nó ranganna ach dul i dteagmháil le hAodán Mac Donncha, Bainisteoir an Chomhlacht Forbartha ag 087 7508107.

## POST LE TG4

Tá post mar ealaíontóir grafach fógartha ag TG4. Conradh cuspóra seasta le saoire máithreachais a chlúdach atá i gceist. Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar cruthaitheach dírithe ar lucht féachana trasardáin a chruthú. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh ábhar clóite a dhearadh, tograí a stiúradh ó am go chéile agus ábhar físe a chruthú. Caithfidh an té a cheapfar a bheith inniúil ar úsáid bogearraí agus ar nósmhaireachtaí dearaidh atá nuálach agus reatha. 4i.n. ar an Mháirt 13 Deireadh Fómhair an spriocdháta. Seol CV, cóip de sheóríl agus litir iarratais chuig cv@tg4.ie

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Dé Luain 05/10 F16 R4 (Peil) | |
|---|---|
| An Spidéal | 6-03 |
| N. Micheál | 7-07 |

| Domhnach 04/10 Sin. R5 B3 (Peil) | |
|---|---|
| An Cheathrú Rua | 4-10 |
| Glinsce | 3-09 |

| Domhnach 04/10 F16 R3 (Peil) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-06 |
| N. Gabriel | 4-09 |

### - TORTHAÍ NA BHFEAR-

| Domhnach 04/10 (Peil) F15 G5 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 4-11 |
| An Spidéal | 2-02 |

| Dé Sathairn 03/10 (Peil) F13 B | |
|---|---|
| Cois Fharraige | 3-05 |
| Baile an Doirín | 0-01 |

| Dé Sathairn 03/10 (Peil) F13 B1 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 0-03 |
| Main. Chnoc Mhuaidhe | 2-05 |

## POST AG AN MBOGHA CEATHA




Tá post ar fáil sa mBogha Ceatha, an tIonad Cúram Leanaí atá lonnaithe sa Sidheán sa Spidéal. Ní mór go mbeadh Gaeilge líofa, chomh maith le cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal a Cúig nó QQI/FETAC Leibhéal a Sé i gCúram Leanaí ag an té a cheapfar sa phost. Seol CV chuig oifig@boghaceatha.com le hiarratas a dhéanamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpost ar leathanach Facebook an ionaid nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an mBogha Ceatha ag 091 897 851. Go n-éirí go geal leis na hiarratasóirí.

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## CLEAMHNAS - DÚSHLÁN ACLAÍOCHTA NA GAELTACHTA




Tá na hOifigigh Pleanála Teanga tagtha le chéile arís le dúshlán acalaíochta a reáchtáil ar fud na Gaeltachta –**Cleamhnas** is ainm dó! Déanfar cleamhnas idir dhá cheantar Gaeltachta agus déanfar siúlóid nó rith don mhíleáiste ó do cheantar go dtí an ceantar eile, agus ar ais! Beidh an dúshlán ar bun le linn na deireadh seachtaine 24-26 Deireadh Fómhair, go fíorúil. Is cuma muna bhfuil tú in ann ach 1km a shiúil nó a rith, tógfaidh chuile chileameadar níos gaire don cheantar eile muid! Clárú: optchoisfharraige@gmail.com